Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13082/22**

**SOC 538**
**EMPL 369**
**SAN 543**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Tobias SONNWEBER, comhalta malartach don Ostair, in ionad Stephanie PROPST, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Stephanie PROPST éirithe as bheith ina comhalta malartach den Choiste thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí (don Ostair).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh 2003/C 218/01[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na hOstaire le teacht in ionad an chomhalta mhalartaigh atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 28 Feabhra 2025:

Tobias SONNWEBER
Industriellenvereinigung – Bereich Arbeit, Soziales und Gesundheit
Schwarzenbergplatz 4
1010 Wien
Teil: +43 1/711 35-2651
*r-phost*: *tobias.sonnweber@iv.at*

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach

den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003[2] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinntí uaithi an 24 Feabhra 2022[3], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Stephanie PROPST as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hOstaire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[3] IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Tobias SONNWEBER ina chomhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Stephanie PROPST ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán